



N O L L A I G 2 0 2 1

|  |           |
|--|-----------|
| <b>Teachtaireacht Uachtarán CLG, Labhrás Mac Carthaigh</b>                                 | <b>3</b>  |
| <b>Teachtaireacht ó Ghráinne McElwain, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge CLG</b>     | <b>4</b>  |
| <b>Ár gCluichí Ár Laochra - Eoin Ó Cearúill</b>  | <b>5</b>  |
| <b>Na contaetha – Craobhacha Cúige</b>   | <b>7</b>  |
| <b>Ón Dumhach go dtí an Plantation’ – stair na peile in Iorras Aithneach curtha ar pár</b> | <b>8</b>  |
| <b>Ár gCluichí Ár Laochra - Diarmaid Carey</b>   | <b>13</b> |
| <b>Tír Eoghain 2021</b>  | <b>15</b> |
| <b>Céim ar aghaidh – Iomáint</b>   | <b>17</b> |
| <b>Ag clubanna Laighean agus na Mumhan an lá ag Scór Sinsir na hÉireann 2020</b>           | <b>22</b> |
| <b>Do Chlub, Do Chontae: Seamróga Ros Liath</b>  | <b>23</b> |
| <b>Cuardach Focal – Na Réaltaí Iomána</b>  | <b>25</b> |
| <b>Cian Lynch - Iománaí na Bliana 2021</b>   | <b>26</b> |
| <b>Cuardach Focal – Na Réaltaí Peile</b>   | <b>27</b> |
| <b>Kieran McGeary - Peileadóir na Bliana 2021</b>  | <b>28</b> |
| <b>Luimneach ar leibhéal eile i 2021</b>   | <b>30</b> |
| <b>Crosfhocal</b>  | <b>32</b> |
| <b>Ar Bhóthar na Smaointe: Loch Garman ab fhearr i ‘96</b>                                 | <b>33</b> |
| <b>10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh!</b>  | <b>34</b> |
| <b>Foghlaim sa Chlub</b>   | <b>35</b> |
| <b>Boinn de chuid Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le bronnadh ar 37 club</b>         | <b>36</b> |
| <b>Freagraí</b>  | <b>37</b> |



# Teachtaireacht An Uachtaráin

Tá míle fáilte romhaibh go dtí eagrán mhí na Nollag seo de ‘Cuaille’, iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir thaitneamh agus thairbhe as na míreanna éagsúla atá in eagrán na ráithe seo. I measc na míreanna sin, tá gné-ailt ar nós ‘Ár gCluichí, Ár Laochra’, crosfhocal, tráth na gceist, ‘Do Chlub, Do Chontae’, alt faoi scothfhoireann iomána Loch Garman i 1996, ailt faoi churaidh iomána agus peile na hÉireann 2021, Tír Eoghain agus Luimneach, míreanna club agus go leor leor eile.

Tá deireadh ag teacht le bliain eile chrua agus Covid fós linn, ach, cúis mhór áthais agus ábhar mór dóchais a bhí ann gur éirigh linn ár gcuid comórtas – idir club agus contae – a chur i gcrích i mbliana le sluaite i láthair acu. Bhí sé iontach a bheith in ann fáilte a chur roimh dhaoine chuig na cluichí an athuir. Ba mhaith mo mhíle buíochas a ghabháil le gach duine idir imreoirí, lucht tacaíochta, oifigigh agus réiteoirí i measc go leor eile a chinntigh go raibh sé seo in ann tarlú.

Ar an bpáirc imeartha tá curaidh nua againn sa pheil tar éis gur éirigh le Tír Eoghain an ceann is fearr a fháil ar Mhaigh Eo i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann i mbliana. San iomáint chonaic muid foireann iontach Luimnigh ag buachan arís nuair a bhuaigh siad ar Chorcaigh i gCluiche Ceannais Iomána na hÉireann. Ba mhaith liom comghairdeas a dhéanamh leo.

Níl deireadh tagtha le 2021 fós ach tá mé ag súil go mór le 2022 cheana féin le dóchas. Imreofar cluichí leathcheannais agus cluichí ceannais na gclubanna go luath sa bhliain nua agus beidh na comórtais idirchontae ar ais go luath, freisin. Bímis ag súil le 2022 le fonn agus le fuinneamh.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud éigin ann do gach duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois. Nollaig shona faoi shéan is faoi mhaise daoibh go léir.

Beirigí bua agus beannacht,

*John Paul O'Shea*





A chairde,

Tháinig Coiste Náisiúnta na Gaeilge le chéile i mí Aibreáin agus leag muid síos na spriocanna a bhí muid ag iarraidh a bhaint amach thar thréimhse trí bliana. Tá an Ghaeilge mar chuid lárnach de CLG agus ba mhaith liom thar an tréimhse trí bliana, an Ghaeilge a láidriú taobh istigh de na clubanna atá againn. Is iad cosmhuintir na gclubanna, na daoine is tábhachtaí i CLG agus tá muid ag iarraidh níos mó caidrimh a bheith againn leo. Ba chóir go mbeadh Oifigeach Gaeilge i ngach club agus tá sé ar intinn againn suirbhé a dhéanamh go luath sa bhliain úr ag lorg aiseolais ó gach club ar staid na Gaeilge sna clubanna agus as sin ceardlanna a eagrú chun cuidiú le hOifigigh Ghaeilge chun an Ghaeilge a neartú ina gclubanna féin.

Faoi láthair, tá lámhleabhar cumarsáide á chur le chéile againn dóibh siúd a bheidh mar Fhear nó Bhean an Tí ag ócáidí agus a bheas i bhfeighil ar an mhicreafón ag cluichí peile agus iomána. Tugann sé seo deis do dhaoine níos mó Gaeilge a úsáid ag an pháirc. Beidh seoladh againn don lámhleabhar ag tús na Sraithe Allianz i 2022.

Don bhliain seo chugainn, beidh muid ag ceapadh Ambasadóir na Gaeilge CLG agus ag eagrú Lá mór na Gaeilge i bPáirc an Chrócaigh. Tá muid an-bhródúil as na buaiteoirí uilig a bhuaigh Gradam Sheosaimh Mhic Dhonnacha i mbliana agus ar cé chomh maith is a d'éirigh leis an fheachtas #TrasnaNadTonnta. Chonaic muid an Ghaeilge ó na Gaeil ar fud na cruinne agus b'iontach é sin.

Le deireadh ag teacht le 2021, guím gach beannacht agus Nollaig Shona ar na léitheoirí uilig. Is í an Ghaeilge ceann de na teangacha is ársa ar domhan agus chun í a láidriú, níl orainn ach í a labhairt. Is cuma más cainteoir líofa thú nó más duine le cúpla focal tú, bain úsáid aisti agus bain triail as.

**Gráinne McElwain,**  
**Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG**

## Le Jamie Ó Tuama



# Ár gCluichí Ár Laochra

## Eoin Ó Cearúill

San eagrán is deireanaí seo de Ár gCluichí, Ár Laochra, cuireann muid 20 ceist sciobthaí ar laoch peile Uíbh Fhailí agus Cheapach an Churraigh, Eoin Ó Cearúill.

D'imir Eoin le peileadóirí sinsir Uíbh Fhailí don chéad uair thiar sa bhliain 2013 agus ó shin i leith tá sé ag tús cadhnaíochta i lár na páirce dá chlub agus dá chontae. Tá os cionn 70 cluiche imeartha aige faoin tráth seo lena chontae.

Fear mór Gaeilge é Eoin, freisin, atá an-bhródúil as a theanga agus a fhéiniúlacht.

'Tá an Ghaeilge chomh tábhachtach domsa. Is duine Éireannach mé agus táim fíorbhródúil as m'fhéiniúlacht agus ár dteanga dhúchais.

Thosaigh an tsuim seo nuair a bhí mé níos óige ag dul chuig Coláiste Lurgan sa samhradh agus nuair a rinne mé staidéar ar an teanga ar scoil, freisin, le mo mhúinteoir an tUasal Ó Donnabháin as Corcaigh.'

Deireadh Fómhair, 2021

Mar a d'fhreagair Eoin ár gcuid ceisteanna!

### Ainm:

Eoin Ó Cearúill

**Aois:** 27

### Club:

Cheapach an Churraigh

### Contae:

Uíbh Fhailí

### An scannán is fearr leat?

Lawless

### An leabhar is fearr atá léite agat?

Legacy faoi na All Blacks

### An banna ceoil is fearr leat?

Mumford & Sons

### An áit is fearr leat?

An Iodáil

### An bia is fearr leat?

Bia as Meicsiceo

### Clár teilifíse is fearr leat?

Love/Hate nó Peaky Blinders



**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**

Matt Connor

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**

Mo chéad seisiún i gCeapach an Churraigh le m'fhoireann Naomh Uinseann

**An chéad uair a ndearna tú ionadaíocht ar do chontae:**

1ú Nollaig 2012 in aghaidh Lú (Corn Fitzsimons) agus ansin i mí Feabhra sa tsraith in aghaidh Luimnigh i dTulach Mhór.

**An t-imreoir is fearr le himirt leat:**

Peter Cunningham

**An t-imreoir is fearr le himirt i do aghaidh:**

Mattie Donnelly

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**

Cluiche Ceannais f21 2015 – Naomh Uinseann in aghaidh Thulach Mhór

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:**

Mo chéad chluiche leis an gcontae (scuad forbartha U13) i bPáirc Tailteann in aghaidh Lú agus na Mí



**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:**

Ag imirt le mo dheartháireacha agus mo chol ceathracha

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaoil imeartha go dtí seo:**

Mo dhaid

**Aon chomhairle agat d'imreoirí óga?**

Bain taitneamh as fad a mhaireann sé agus déan spriocanna agus cuspóirí i gcónaí

**Aon chaitheamh aimsire eile?**

Is breá liom taisteal agus ag dul chuig áiteanna/tíortha nua

**Laoch spóirt agat taobh amuigh de CLG?**

Michael Jordan

*Tá an Ghaeilge fíorthábhachtach i mo shaoil mar is cuid lárnach de mo theaghlach, mo phearsantacht agus mo chultúr í agus cuireann sé ríméad orm go bhfuil sí agam agus go bhfuil mé in ann í a labhairt le daoine eile.*

**ÉAMON ÓG Ó DONNCHADHA, AN MHÍ**



## Na contaetha

Cá mhéad Craobh Iomána Cúige atá buaite ag do chontae?



### LAIGHIN

Áth Cliath – 24  
An Mhí – 0  
Cill Dara – 0  
Loch Garman – 21  
Uíbh Fhailí – 9  
Lú – 0  
Laois – 3  
Cill Chainnigh – 73  
Ceatharlach – 0  
An Iarmhí – 0  
An Longfort – 0  
Cill Mhantáin – 0

### ULAI DH

An Cabhán – 0  
Tír Eoghain – 0  
Muineachán – 2  
Ard Mhacha – 0  
An Dún – 4  
Dún na nGall – 3  
Aontroim – 58  
Doire – 4  
Fear Manach – 0

### CONNACHTA

Gaillimh – 25  
Maigh Eo – 1  
Ros Comáin – 1  
Sligeach – 0  
Liatroim – 0

### AN MHUMHAIN

Ciarraí – 1  
Corcaigh – 54  
Tiobraid Árann – 42  
An Clár – 6  
Luimneach – 22  
Port Láirge – 9

### EILE

Londain – 0  
Nua-Eabhrac – 0



# Ón Dumhach go dtí an Plantation’ – stair na peile in Iorras Aithneach curtha ar pár

*Suite ar chósta fáin an Atlantaigh i gConamara Láir, is ceantar beag tuaithe é Iorras Aithneach ina bhfuil gar go maith do 2,000 duine ina gcónaí ann. Ceantar Gaeltachta é, dar ndóigh, ina bhfuil sráidbhailte Charna agus Chill Chiaráin suite ann.*

Tá clú agus cáil ar Iorras Aithneach fud fad an domhain de bharr amhránaithe, sheanchaithe agus lucht seanchais an cheantair. Tá i bhfad níos mó i gceist leis an bparóiste ná sin, áfach. Cosúil le paróistí eile fud fad na tíre tá muintir an cheantair seo craiceáilte i ndiaidh na peile agus faigheann muid insint shuimiúil ar stair na peile sa cheantar, le go maith os cionn 150 bliain anuas, sa leabhar nua seo ‘Ón Dumhach go dtí an Plantation: Stair Peile Iorras Aithneach agus an Chaisil, 1928-2021’, a seoladh le gairid.

Labhair mé le duine d’eagarthóirí an leabhair, Colm Ó Neasa, cúpla seachtain ó shin. Fear é atá sáite agus báite sa chlub agus é ina Rúnaí reatha ann. Thosaigh mé le hiarraidh air cén fáth ar shocraigh sé stair an chlub a chur ar pár.

‘Bliain ón gCáisc seo caite, 2019, bhí coicís saor agam ón scoil’, a deir Colm. ‘Go bunúsach, ní raibh tada le déanamh agam mar bhí an dianghlasáil tagtha isteach. Dúirt mé liom féin, triailfidh mé stair an chumainn a chur le chéile.

‘Nuair a bhí muidne níos óige shíl muidne nach ndeachaigh an stair a bhí ann siar níos faide ná 1987 mar, ar na fógraí uilig atá thiar sa gclubtheach, i gcás na seomraí feistis thiar i gCarna, 1987 atá luaite leis. Cheap muidne nach raibh tada i gCarna go dtí 1987.

‘Ba ansin a tháinig Carna Caiseal ar an bhfód agus b’in é an tús, dháiríre. Bhí mise ag ceapadh ansin nach



dtógfadh sé i bhfad, nach raibh mórán tarlaithe ó 1987 go dtí 2020, nó 2019 ag an am!

‘Bhí mise ag ceapadh nach dtógfadh sé ach coicís agus go mbeadh muid in ann é a lánseáil ag an Nollaig! Ach, de réir mar a bhí muid ag caint le daoine thuigeamar go raibh an scéal i bhfad níos leithne agus i bhfad níos faide ná sin.’

‘Ón Dumhach go dtí an Plantation: Stair Peile Iorras Aithneach agus an Chaisil, 1928-2021’, teideal an leabhair seo. Is é an ‘Plantation’ a thugtar ar pháirc baile Charna. Thapaigh mé an deis iarraidh air cén chaoi ar shocraigh siad ar ainm an leabhair agus cén fáth a dtugtar an Plantation ar pháirc baile an chlub.

‘Díreach tar éis aimsir an ghorta, b’fhéidir 1870 nó 1880, chuir rialtas Shasana scéim ar bun chun crainnte a chur ag fás an taobh seo tíre’, a mhíníonn Colm. ‘Thosaigh siad san áit a raibh an Teallach. Thosaigh siad ag cur crainnte ansin agus chuaigh siad chomh



fada siar le séipéal Charna. Tá na crainnte le feiceáil fós thimpeall an tséipéil sin.

‘Foraois mhór a bhí ansin ón Teallach chomh fada siar leis an séipéal. Tá siad le feiceáil ann fós taobh thiar de Thigh Mheaic. Ba iad na Sasanaigh a chuir ann iad.

‘Ansin, i 1928 nuair a tháinig Father Goodwin agus an múinteoir óg Dónal Mac Cathalláin go Carna, bhí siad ag cuartú páirce imeartha le rudaí a chur ag imeacht ann. San áit a bhfuil an pháirc anois, crainnte uilig a bhí ag fás ansin agus dúradar leo féin ‘dá mbeadh an ‘plantation’ ansin gearrtha síos, dhéanadh sé an-pháirc imeartha’. Is éard is ‘plantation’ ann ná áit a mbíonn rudaí ag fás agus d’fhan an leasainm ann riamh ó shin!

Dar ndóigh, tá leithinis lorras Aithneach lán de dhumhchannaí. D’iarr mé ar Cholm cén dumhach a bhí i gceist i dteideal an leabhair.

‘An dumhach atá i gceist ná Maighinis’ a deir Colm. ‘Sin an dumhach atá luaite leis agus sin é an áit a mbíodh lucht na n-oileán ag imirt théis aimsir an ghorta. B’in é an áit a mbídís ag imirt peile. Tá tuairiscí a’ainn ón gCumann le Béaloideas Éireann gurbh i Maighinis a bhíodar ag imirt. Thosaigh sé ar an dumhach agus anois tá muid ar an bplantation!

Tá stair shaibhir agus shuimiúil ag baint le gach club agus níl CLG Charna Caiseal pioc níos difriúla ná na clubanna sin. D’iarr mé ar Cholm ar fhoghlaim sé féin

agus a chomheagarthóir Seán Ó Cuirrín mórán agus iad i mbun taighde don chuntas stairiúil seo.

‘Bheul, ó thaobh an taighde acadúil de, fuair mé cúpla leabhar a ‘speáin dhúinn agus a thug fianaise dhúinn go raibh an pheil dhá himirt i gceantar lorras Aithneach díreach théis dhrochbhlianta an ghorta’, a deir Colm.

‘Tá tuairiscí faighte againn ón gCumann le Béaloideas Éireann, ó thaobh stair an Chumainn féin de, gur sna fichidí nó sna tríochaidí, a chuir daoine club ar bun. B’in ag am nuair a bhí an tír ar a cuid glúna gan aon fhostaíocht, go raibh sé deacair, b’fhéidir, beatha a chur ar na boird scaití ach d’éirigh leo cumann peile a chur le chéile. D’éirigh leo iad a chláru. D’éirigh leo geansaithe peile a fháil dhóibh agus an tír beo bocht ag an am.

‘Thiar i ndumhchannaí Chonamara, b’fhéidir, ar cheann de na háiteachaí is iarghúlta sa tír gur éirigh leo an méid sin a dhéanamh. B’in éacht ann féin. Ansin, tagann rudaí eile leis sin, freisin. Tagann an bród agus an mórtas cine ansin go láidir as sin.’

Nuair a bhí Colm i mbun taighde, tháinig sé trasna ar go leor rudaí ar leag sé suntas mór iontu. Ceann de na rudaí sin ab ea an bhéim a leag Coiste an chlub ar an nGaeilge ón gcéad lá, in ainneoin gur club agus paróiste a bhí iontu nach raibh mórán Béarla á labhairt ann ag an am ar bunaíodh iad. D’iarr mé ar Cholm labhairt liom faoi na rudaí móra sin ar leag sé suntas iontu agus faoi mhórlaochra an chlub.


‘Ar an bpáirc imeartha bíonn a chuid éachtaí féin ansin ach, is dóichí, go dtarlaíonn an t-uafás oibre sa gcúlra go minic agus na seanfhondúirí, mar a thugann muid féin orthu, atá timpeall na háite agus timpeall an cheantair. Tá cuid acub, b’fhéidir, ceithre scór bliain dh’aois anois agus ag breathnú orab sin, is iad sin na laochra peile, b’fhéidir, is mó atá a’ainn.

‘Is é an rud is mó, b’fhéidir, a d’fhoghlaim muid ón taighde seo ná an méid oibre a chuireadar sin isteach i gCumann Lúthchleas Gael go háitiúil anseo i gCarna lena chur chun cinn.

‘An chéad bhunreacht atá a’inn, a scríobhadh sna seascaidí, cuireadh an oiread sin béime ar chúrsaí teangan – am, b’fhéidir, nach raibh caint ar bith ar chúrsaí teangan, ná caomhnú teangan, ná cur chun cinn na teangan. Bhí sé ráite go soiléir go mbeadh chuile chruinniú i nGaeilge. Bhí rudaí mar sin go lárnach sa gCumann.

‘Cheapfá gurb ‘in ba lú a bheadh ag déanamh tinnis dhóibh ach níorbh é. B’fhéidir gur thuig siad, freisin, go raibh maidhm an Bhéarla ag tíocht crua agus go láidir agus é ag bualadh ar na doirse fós. Is dóichí gur thuigeadar sin an luach agus an saibhreas a bhí ag an gclub nó ag clubanna Gaeltachta agus gur thuigeadar sin gurb ‘in rud speisialta.

‘Má tá rud ar bith le foghlaim as sin, bheadh súil agam go bhfuil an teachtaireacht sin curtha trasna go láidir inti (sa leabhar) agus go dtuigfeadh daoine, agus an



Carna Caiseal - Seaimpíní Chraobh Idirmheánach na Gaillimhe 2012

dream óg b'fhéidir, an tábhacht a bhaineann leis an teanga agus nach dtuigeann muid scaití an luach agus an seoid atá againn.'

Is ceantair iad Carna, Cill Chiaráin agus Caiseal atá buailte go dona leis an imirce agus iad bánaithe go mór. Is téama láidir í an imirce sa leabhar seo. Is minic a bhíonn ar CLG Charna Caiseal gabháil in éineacht leis na Piarasigh, Ros Muc, le foirne faoi aois a chur le chéile.

'Tá téama na himirce ag rith go láidir tríd an saothar agus an taighde a chuir muid le chéile. Ní raibh Carna in ann foirne a chur le chéile sna tríochaidí, sna ceathrachaidí, sna caogaidí agus sna seascaidí. Ba i

1963, dháiríre, a dearnadh athchóiriú ar an gCumann.

'Le teacht 'The Rising Tide of the 1960s', sin an t-am a thosaigh rudaí ag feabhsú', a deir Colm, 'ach ansin bhí lagtráth aisteach eile ann sna hochtóidí nuair a bhí chuile dhuine ag tabhairt aghaidhe ar an mbád bán, chuile dhuine ag gabháil go Meiriceá, go Sasana agus i bhfad i gcéin. Tharla sé sin arís ní i bhfad ó shin leis an gcúlú eacnamaíochta. Is rud é sin a bheidheas mar chnámh spairne go brách a'ainn anseo i gCarna ó thaobh na himirce agus an méid imreoirí a chailleann muid ag gabháil thar sáile anonn.

'I 2017 chuaigh muid anonn go Boston mar chumann. D'imir muid in aghaidh na Connemara Gaels. Thug

siad cluiche dúshlánach dhúinn thall i Canton agus, ina dhiaidh ansin, bhí sé ina chraic 'is an spraoi san Irish Centre thall ann. Pobal Iorras Aithneach ar fad a bhí ann idir muid féin agus an dream a bhí ag imirt leis na Gaels thall. Tá dlúthcheangal ag an gclub leis an imirce agus tá fianaise de sin ann. Tá duine acu gaibhte chomh fada leis an White House, Marty Walsh. D'fhág a athair Caladh Mhaighinse.

'Mar a deir mé tá agus beidh imirce mar chuid lárnach de Chumann sin a'ainne agus na cumainn iarghúlta uilig timpeall an iarthair.'

Cé go mbíonn Carna Caiseal ag streacailt leis an imirce de shíor is iomaí lá mór a bhí acu ar an bpáirc imeartha agus cúis mhór bhróid do lucht an chlub agus don pharóiste trí chéile na rudaí éagsúla atá bainte amach acu thar na blianta.

'Ó thaobh Charna Caiseal de is dóichí 1996 an chéad uair ar éirigh leo imeacht amach as an gCraobh Shóisir. Chuaigh siad go dtí an Craobh Idirmheánach', a deir Colm.

'Cúpla bliain ina dhiaidh sin chuaigh siad suas go grád na sinsear agus d'imir siad in aghaidh fhoirne móra na Gaillimhe. Ansin, chuaigh siad síos go dtí idirmheánach arís.'

Sa bhliain 2005, d'éirigh leo Cluiche Ceannais Sinsir an Chontae a bhaint amach ach chailleadar an lá sin in aghaidh Bhóthar na Trá-Chnoc na Cathrach le trí

chúilín. Chuaigh foireann Bhóthar na Trá-Chnoc na Cathrach ar aghaidh agus bhualadar Craobh na hÉireann ina dhiaidh sin.

‘Chuadar go Cluiche Ceannais an Chontae’, a mhíníonn Colm, ‘i ngrád na sinsear i 2005 in aghaidh Bhóthar na Trá-Chnoc na Cathrach. Chuaigh Bóthar na Trá ar aghaidh an bhliain sin agus bhuaigh siad Andy Merrigan. Thug siad leo Craobh na hÉireann ach an bhliain dar gcionn cuireadh Carna síos go Craobh na nIrdirmheánach arís. I 2012 chuaigh muid suas sinsir an athuir agus i 2016 chuaigh muid síos idirmheánach. Is dócha gurbh iad sin na rudaí is mó a sheas amach.

Maidir le Comórtas Peile na Gaeltachta is léir go bhfuil an comórtas sin an-tábhachtach don chlub.

‘Ag gabháil siar roimhe sin bhuach Cumann Charna, nó Naomh Mac Dara leob féin gan Caiseal, Comórtas Peile na Gaeltachta i 1978. B’in is dóichí ceann de na héachtaí ba mhó a rinne an club i stair an Chumainn go dtí 2012 agus go dtí 2005, gurb ‘in iad na laethanta móra a sheasann amach i stair an Chumainn.

Ar deireadh thiar thall, caitheamh aimsire atá sa pheil agus is léir gurbh iomaí ‘spórt ‘is spraoi’ a thug an pheil do mhuintir Iorras Aithneach riamh anall.

‘Caithfidh tú cuimhniú’, a deir Colm, ‘ar deireadh thiar thall, gur caitheamh aimsire í an pheil agus mar



a deirim leat tá tuairiscí ann ó théis aimsir an Ghorta, agus le linn aimsir an ghorta dar ndóigh, go mbíodh na daoine ag teacht amach ó na hoileáin thimpeall ar cheantar Charna, ó Oileán Máisean cuirim i gcás, Oileán Fhidhinse, ag tíocht, ag bualadh agus ag castáil ar a chéile ar an dumhach i Maighinis agus go mbíodh na foirne baile ag imirt in aghaidh a chéile.

‘Caitheamh aimsire a bhí inti. Uirlis a bhí sa bpeil le scíth a ligean ó chúramaí crua an tsaol, ón méid a bhí feicthe ag an nglúin sin, b’fhéidir na blianta a tháinig rompu - bás, ocras forleathan timpeall na tíre. Samhlaítear go minic na ceantair chósta, nach raibh an gorta chomh trom ann, ach níl sé sin fíor mar

nuair a tháinig an bhliain 1847 bhí an bheatha ar fad scuabthaí, ite. Ní raibh tada ann.

‘Buaileadh an ceantar seo go dona agus is míorúilt é ar bhealach go bhfuil fiú amháin daoine ag labhairt Gaeilge sa cheantar seo anois. An t-am sin bhí daonra ann ach ní raibh fostaíocht ann. Anois, tá daonra ann ach tá an daonra sin ag imeacht ceal fostaíochta.’

11 duine ar fad a chuir píosaí ar fáil don leabhar seo agus ba iad Colm Ó Neasa agus Seán Ó Cuirrín a chuir in eagar. Tá an leabhar le fáil ó shiopaí áitiúla ar fud Iorras Aithneach, nó, trí theagmháil a dhéanamh leis an gclub ar a gcuid meán sóisialta.

# GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

GAA

Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.

Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar shárúithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.

Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.

## CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiniócha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoinne agus trealamh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/gráifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasán nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

## BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

**Ba cheart d'imreoirí, cõiteálaithe agus Clubanna CLG:**

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'
- ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

## TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ar gcluichí. Ar rogha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas Frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gclóinn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.

## DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

**Cén chaoi a mbíonn a Fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:**

- DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?
- FAD HAN** bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?
- MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?
- CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

**Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG**

## TIG LE BULAÍOCHT TARLÚ

Ó Dhuine Óg go Duine Óg  
Dhuine Óg go Duine Fásta  
Dhuine Fásta go Duine Óg



## Le Jamie Ó Tuama



# Ár gCluichí Ár Laochra

## Diarmaid Carney

San eagrán is deireanaí seo de 'Ár gCluichí, Ár Laochra', cuireann muid 20 ceist sciobthaí ar Dhiarmaid Carney.

Tá fear óg Cheiltigh na Muinchille ag imirt leis an gCabhán le dhá bhliain anuas agus é ag súil go mór le bheith ag caitheamh gheansaí a chontae go ceann tamaill fhada!

"Tá ról lárnach ag an nGaeilge i mo shaol, labhraím í gach lá agus is cuid de mo phearsantacht agus mo stíl mhaireachtála í.

Tá an Ghaeilge an-tábhachtach dom maidir le féiniúlacht mar is linne í an Ghaeilge agus is féidir linn a bheith fíor-bhródúil aisti,"

Diarmaid Carney, Eanáir, 2021

Seo mar a d'fhreagair Diarmaid ár gcuid ceisteanna!

### Ainm:

Diarmaid Carney

### Aois: 21

### Club:

Ceiltigh na Muinchille

### Contae:

An Cabhán

### An scannán is fearr leat?

Home Alone 2

### An banna ceoil is fearr leat?

Ní éistim le banna ceoil áirithe, ach is maith liom Christy Moore agus Gerry Cinnamon

### An áit is fearr leat?

An Mhuinchille, mo bhaile féin!

### An bia is fearr leat?

Stobhach a dhéanann mo mháthair!

### Clár teilifíse is fearr leat?

The Office US



### An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:

Seán Óg Ó hAilpín

### An chéad chuimhne CLG atá agat:

M'athair ag tabhairt mo chéad bhróga peile dom agus muid thuas sa pháirc pheile ag cleachtadh

### An chéad uair ar imir tú le do chontae:

i gcoinne Liatroma, 2019 sa tSraith Allianz

### An t-imreoir is fearr le himirt leat:

Mo dheartháireacha, John agus Caoimhín

### An t-imreoir is fearr le himirt i do aghaidh:

Rory McHugh, Sligeach

### An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:

Cluiche Ceannais Iomána na hÉireann Fresher B 2019, ar son St. Pats i gcoinne DCU!

### Buaicphointe (highlight) do shaoil imeartha le do

chontae go dtí seo: Ag imirt le mo bheirt deartháireacha



### Buaicphointe do shaoil imeartha (career) le do club go dtí seo:

Ag imirt le mo chairde ó bhí mé faoi 10 go dtí an fhoireann shinseareach

### An duine is mó a raibh tionchar (influence) aige/aici ar do shaoil imeartha go dtí seo:

Mo chlann, go háirithe m'athair

### Aon chomhairle (advice) agat do imreoirí óga?

Bain taitneamh as!

### Aon chaitheamh aimsire eile?

Imrím Peil Ghaelach le mo club freisin. Leanaim Celtic sa sacar, cé go mbriseann said mo chroí go minic.

### Laoch spóirt agat taobh amuigh de CLG?

Neil Lennon, Leo Messi

### Gluais / Glossary

**CLG Cheiltigh na Muinchille** – Cootehill **geansaí a chontae** – his county jersey **ról lárnach** – central role **stíl mhaireachtála** – lifestyle **féiniúlacht** – identity **áirithe** – certain **go minic** – often



*D'éirigh liom Fáinne Airgid a fháil agus mé ar scoil. Tá sé de rún agam snas a chur ar mo chuid Gaeilge...*

**CHARLIE VERNON, ARD MHACHA**



# Tír Eoghain 2021

Leath bealaigh fríd an chéad leath de chluiche ceannais na hÉireann, chuir mé téacs ‘na bhaile chun a rá gur cheart do Cuthbert Donnelly (bíonn sé i gceannas ar an chorn, am ar bith a bhaineann Tír Eoghain Craobh na hÉireann) an bosca agus suíochán sa charr a dhéanamh réidh chun Sam a thabhairt timpeall na contae. De réir mar a bhí an cluiche ag titim amach bhí muinín Thír Eoghain ag fás agus dóchas Mhaigh Eo ag síothlú ar shiúl. Ach cé gur scríobh mé an téacs bhí orm a rá liom féin, go raibh sé seo ag tarlú os mo chomhair amach, go raibh Tír Eoghain, in ainneoin deacrachtaí Covid-19, in ainneoin foireann úr bainistíochta chun Craobh na hÉireann a bhaint in 2021.

Cá háit as a dtáinig an bua seo? Tá roinnte cúiseanna soiléir anois agus muid i mí na Nollag ag smaoineamh siar ar an bhliain a bhí ann. Gan aon amhras caithfidh tú a admháil ar dtús nuair a d’imigh Baile Átha Cliath amach as an Chraobh, gur fhás imreoirí Thír Eoghain orlach eile ó thaobh na muiníne de. Bhí caint ann sa chontae ansin gur chreid na himreoirí go dtiocfadh leo an beart a dhéanamh. Chreid siad an oiread sin go ndearna siad scrios ar Chiarraí agus léiriú ar an lá go raibh an t-ocras agus tiomantas ag an fhoireann seo a bhí ann sna foirne céanna a bhain Sam in 03,05,08.

Agus an focal sin muinín in úsáid arís eile níl le déanamh ach spléachadh a thabhairt ar an taobhlíne agus Brian Dooher, Joe McMahon, Colin Holmes, Peter Donnelly a fheiceáil chun spreagadh a bheith agat. Rud lárnach a bhí ag Tír Eoghain i mbliana ná an taithí sin ar an taobhlíne chun dul i mbun cogáíochta agus teacht amach ar an bharr. D’fhás an ghlúin seo d’imreoirí aníos ag amharc ar Dooher ag eitilt ar an sciathán den pháirc agus ag béiceadh ar son Joe McMahon ar imeall na cearnóige agus é i mbun coimhlinte in éadan na Twin Towers ó Chiarraí. Nach iontach an rud imreoirí den chineál seo a bhfuil na pócaí lán bonn acu bheith i do choirnéal. Seift thar a bheith cliste a bhí i gcinneadh Fearghal Logan an fhoireann bainistíochta seo a chur le chéile. Fir a sheas an líne go bródúil don chontae agus a bhain an tairseachleibhéal is airde amach. Ní amháin an taithí ar an pháirc ach ar an líne chomh maith. Bhí Colin Holmes i ndiaidh craobh an chontae a bhaint le Dún Geanainn, éacht ann féin, tá Peter Donnelly aitheanta mar dhuine de na traenáilthe is

fearr sa tír agus tá tuiscint ar an pheil agus léamh ar an chluiche ag Joe McMahon nach bhfuil a shárú le fáil áit ar bith eile sa tír.

Is léir ón dóigh ar imir Tír Eoghain i mbliana go raibh siad ag imirt le leibhéal saoirse ar an pháirc. Labhair Jim Galvin go minic faoi ‘Maslows Hierarchy of Needs’ agus gur seo an múnla a bhí aige le Baile Átha Cliath. Chun an leibhéal is airde a bhaint amach nuair a bheas imreoirí cruthaitheach ar an pháirc go gcaithfidh ach an rud eile bheith in ord --- bia, sábháilteacht, caidrimh, féinmhuinín srl. Thóg Fearghal Logan an dúshraith thart ar an fhoireann seo ionas go raibh siad ábalta barr Maslow a bhaint amach. Níl le déanamh ach bheith ag amharc ar na taispeántais a thug leithéidí Conor Myler, Ciarán McGeary, Darren McCurry sin leis seo a thuiscint. Seo imreoirí a bhí ar an imeall faoi ré Mickey Harte, imreoirí nach raibh cinnte faoin áit nó ról s’acu. Ach imreoirí faoi Logan agus a fhoireann a chreid go raibh muinín ag na bainisteoirí astu, a bhí compordach sa chraiceann s’acu féin anois, a chreid go raibh an tacaíocht ann dóibh is cuma cad é a thit amach agus ansin a bhí ábalta an chuid is fearr dóibh féin a thabhairt ar an pháirc.

Tháinig na himreoirí seo den chuid is mó fríd chóras Acadamh Thír Eoghain, iad ag imirt le chéile agus boinn faoi 21 fáighte ag roinnt mhaith acu. Tá tábhacht ar leith leis sin ach rud níos tábhachtaí féin ná an dearcadh atá ag imreoirí ar gheansaí an chontae. Ceann de na rudaí is fearr gur féidir a dhéanamh i do shaol peile ná geansaí do chontae féin a chaitheamh

agus i dTír Eoghain tá ocras fíochmhar ann leis na geansaithe agus áiteanna sin ar phainéal an chontae a fháil. Cé go bhfuil comórtais na gclubanna iontach comórtasach agus maith, fásann buachaillí óga aníos sa chontae agus iad ag iarraidh an lámh dhearg sin a chaitheamh agus a chaitheamh le bród. Tuigeann siad nuair a chuireann siad an t-éadach sin orthu



go bhfuil sé de dhualgas orthu é a fhágáil in áit níos fearr ina dhiaidh agus nach bhfuil siad ach á chaitheamh ar feadh seal gairid go dtí go mbeidh iarracht s'acu déanta ann agus gur féidir leis an chéad duine eile an bata a thógáil.

Rud amháin atá cinnte ó 2021 ná go mbeidh glúin eile spreagtha le go mbeidh gá le bosca Cuthbert Donnelly ag dul timpeall na contae arís eile.



Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6

Ceacht: 16 Iománaíocht

## Ionad:

Clós na Scoile/Halla/Páirc  
Imeartha

## Trealamh:

Clogaid Iománaíochta, camáin,  
cóin, sliotair nó liathróidí leadóige

**Ceacht  
16  
Iománaíocht**

**Snáithaonad:** Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

**Spriocanna Curaclaim:**

Daltaí ag cleachtadh scileanna a d'fhoghlaim siad roimhe seo  
Breis forbartha agus cur le scileanna iompair agus buailte  
Breis forbartha agus cur le scileanna láimhseála na liathróide  
- Ardú uait leis an gcamán. Bualadh na liathróide ón lámh, chuig targaid agus trí chúl

**Snáithaonad:** Cruthú agus imirt cluichí

**Spriocanna Curaclaim:**

Cruthú agus Forbairt ar chluichí le páirtí nó i ngrúpa beag. Cluichí coinnfollaithe  
iomána le grúpaí beaga (m.sh. 5v5; 11v11)

**Snáithaonad:** Tuiscint agus Léirtheiscint ar Chluichí

**Spriocanna Curaclaim:**

Comhrá & feabhas ar scileanna smachta gluaiseachta a bhaineann le cluichí  
Forbairt ar thuiscint na ndaltaí maidir le úsáid spáis i mioncluichí  
Forbairt ar thuiscint na ndaltaí ar na taicticé agus ar na stráitéisí a bhaineann le  
mioncluichí  
Daltaí ag dul i gcleachtadh ar rialacha a athrú do mhioncluichí agus cuntas a  
choineáil ar an scór  
Go nglacadh na daltaí le deiseanna a bheith páirteach i gcluichí ina bpobal féin

**Nascáil:**

Gleacaíocht-Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)  
Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith, léim & Caitheamh

### Ceap do Phleananna Ceachta Féin



**GAA  
Learning**



Tuilleadh eolais [www.learning.gaa.ie/planner/primary](http://www.learning.gaa.ie/planner/primary)

## Tagairtí:

**Curaclam na mBunscoileanna**  
Corpoideachas (1999)  
Treoirlínte do Mhúinteoirí  
Corpoideachais (1999)

**Tionscnamh Spóirt na  
mBunscoileanna**  
<http://www.ppds.ie/pcsparchive/pe/pssi.clickme.html>

**Fun Do GAA Learning Resource  
Pack (2007)**





### Snáithe: Cluichí

#### Eagrú

- Roinn na daltaí ina mbeirteanna
- Liathróid amháin ag gach beirt



#### Eagrú

- Déan dhá fhoireann den rang
- Marcáil ceithre ghreille, 5m x 5m agus achar 5m idir gach greille
- Bíodh dhá ghreille ag gach foireann
- Leag an uimhir chéanna liathróidí sna greillí is gaire do na daltaí



### Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6


#### Gníomh 1 – Ardú Uait

- Tugann dalta amháin as an mbeirt nóiméad ag ardú na liathróide uaidh/uaithi
- Coinníonn an dalta eile cuntas ar an líon uaireanta a n-éiríonn lena bpáirtithe an liathróid a ardú uathu
- Babhtáileann an bheirt áiteanna agus an nóiméad istigh



#### Gníomh 2 – Babhtáil Greille

- Déanann an chéad dalta ar an bhfoireann an liathróid a ardú uaidh/uaithi agus ansin fágann sa ghreille eile í
- Déanann gach dalta, ar a seal, na liathróidí a bhogadh ar ais ar an slí céanna
- An bua ag an bhfoireann is tapúla a dhéanann an gníomh



#### Pointí Teagaisc

- Tabhair truslóg i dtreo na liathróide
- Súile ar an liathróid
- Crom chun an liathróid a ardú, camán comhthreomhar leis an talamh
- Soc an chamáin uait
- Sleamhnaigh soc an chamáin isteach faoin liathróid chun í a ardú den talamh
- Tóg an lámh íochtarach den chamán chun breith ar an liathróid

#### Pointí Teagaisc

- Úsáid dhá ghreille agus tabhair ceann an duine do na foirne
- Ní mór do na foirne, ar a seal, na liathróidí a aistriú isteach i ngreille na foirne eile

#### Le plé ag daltaí:

- Cén áit ba chóir don chloigeann, don lámh agus do na cosa a bheith agus an t-ardú uait á chur i gcrích

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Roinn an rang ina mbeirteanna, liathróid amháin idir gach beirt
- Marcáil limistéir 15-20m ar leithead
- Marcáil cúl leath slí idir gach beirt



Eagrú


- Marcáil greille, 40m ar fhad agus 20m ar leithead
- Leag cóin trasna lár an ghreille
- Roinn an rang i bhfoirne – idir triúr agus cúigear ar gach foireann, liathróid amháin nó péire ag gach foireann



Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6

Gníomh 3 – Bualadh i mBeirteanna : Cruinneas

- Buail na daltaí an liathróid as a lámh chuig a bpáirtí, trí na cúl



Pointí Teagaisc

- Ba chóir na súile na ndaltaí a bheith ar an liathróid agus iad á bualadh
- Luasc an camán ar chruth C tríd an liathróid, ag déanamh teagmhála ag airde atá idir na glúine agus an chorróg
- Agus iad ag éirí níos sciliúla, laghdaigh leithead na gcúl

- C Cad a tharlaíonn má ardaíonn tú do chloigeann agus tú ag bualadh na liathróide?
- F Ní bhíonn aon amharc agat ar an liathróid

Gníomh 4 – Buail na Cóin

- Buail na daltaí an liathróid as a lámh agus déanann siad iarracht na cóin atá i lár na greille a bhualadh
- Tabhair pointe amháin as gach iarracht a bhfuil rath uirthi



Pointí Teagaisc

- C Cé acu is tábhachtaí sa chás seo, cruinneas nó cumhacht?

## Snáithe: Cluichí

### Eagrú

- Marcáil limistéar imeartha 20mx40m
- Leag dhá mharc ag na cúl-línte mar chúil
- Roinn na daltaí go cothrom ina bhfoirne: 5v5



### Eagrú

- Marcáil limistéar imeartha 90mx40-50m
- Leag dhá mharc ag na cúl-línte mar chúil
- Roinn na daltaí go cothrom ina bhfoirne, uaslíon 11v11




## Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6

### Gníomh 5 – Mioncluiche Iománaíochta (5v5)

- An aidhm atá leis an gcluiche cúil a scóráil in aghaidh na gcéilí comhraic

#### Rialacha

- Bualadh ar an talamh
- Beir agus buail
- Ardú agus buail ón lámh
- Ardú agus buail, gan ruathar
- Ní ceadaitear an liathróid a chiceáil



### Forbairt – Cluiche Iomána (11v11)

- An aidhm atá leis an gcluiche cúil agus cúilíní a scóráil in aghaidh na gcéilí comhraic

#### Rialacha

- Bualadh ar an talamh
- Ardú agus buail
- Ardú agus buail ón lámh
- Ruathair aonair ceadaithe



### Pointí Teagaisc

- C An bhfuil taicléil ceadaithe?
- C Cad is brí le imreoir 'a mharcáil'?
- C Cén pionós ba chóir a ghearradh orthu siúd a dhéanann brú nó tarraingt ar chéile comhraic?

### Pointí Teagaisc

- C Conas is féidir a chinntiú nach mbeidh imreoirí i mullach a chéile?



## Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair |  
Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa  
Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

Tuilleadh eolais:  
[www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor](http://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor)

**GAA**  
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN



## Le Jamie Ó Tuama



# Ag clubanna Laighean agus na Mumhan an lá ag Scór Sinsir na hÉireann

Ba ag clubanna chúige Laighean agus chúige Mumhan a bhí an lá ag Babhtaí Ceannais Scór Sinsir na hÉireann 2020 Dé Sathairn, 20 Samhain, 2021, i gCruinneachán Aeir CLG Chonnacht. D'éirigh go hiontach leis an lá agus thaithin an t-ionad go mór lena raibh i láthair ann gan trácht ar na taispeántais stáitse! B'in é an chéad uair riamh a bhí ócáid den chineál sin sa

gCruinneachán agus píosa staire bainte amach ag na hiomaitheoirí uilig.

D'éirigh le clubanna chúige Laighean cúig cinn ar fad de chomórtais a bhuanach agus d'éirigh le Tiobraid Árann trí cinn a thabhairt leo thar ceann chúige Mumhan.

Sna comórtais damhsa bhuaigh CLG an Chaisleáin Nua, Tiobraid Árann, an Rince Foirne agus bhuaigh CLG Bhun Brosnaí, An Iarmhí, an Rince Seit a bhúochas do thaispeántas spleodrach lán brí agus fuinnimh.

Ba é Jack Gladney ó CLG Naomh Moling, Ceatharlach, plúr na n-amhránaithe aonair agus thug an scéalaí clúiteach Noel Joyce ó CLG S.C. Breacháin, Tiobraid Árann, leis an corn sa chomórtas aithriseoireachta. Bhuaigh CLG an Fhéir Bháin, Uíbh Fhailí, an comórtas Bailéad-Ghrúpa agus bhuaigh CLG Chill Chábháin, Laois, an Comórtas 'ceol uirlise'.

Rinne CLG Thulach Sheasta, Tiobraid Árann, éacht

nuair a bhuaigh siad an nuachleas don dara bliain i ndiaidh a chéile agus ba iad muintir CLG Éadan Doire a bhuaigh an comórtas 'Tráth na gCeisteanna'. Fógrófar pleananna Choiste Náisiúnta Scór do chomórtais 2022 go luath sa bhliain nua ach tógadh cinneadh le gairid go gcuirfear tús le gníomhaíochtaí 2022 le Scór na nÓg.

### TORTHAÍ BHABHTAÍ CEANNAIS SCÓR SINSIR NA HÉIREANN 2020

**Rince Foirne:** An Caisleán Nua, Tiobraid Árann

**Amhránaíocht Aonair:** Jack Gladney, Naomh Moling, Ceatharlach

**Ceol Uirlise:** Cill Chábháin, Laois

**Aithriseoireacht/Scéalaíocht:** S.C. Breacháin, Tiobraid Árann

**Nuachleas:** Tulach Seasta, Tiobraid Árann

**Bailéad-Ghrúpa:** An Féar Bán, Uíbh Fhailí

**Rince Seit:** Bun Brosnaí, An Iarmhí

**Tráth na gCeisteanna:** Éadan Doire, Uíbh Fhailí



Le Jamie Ó Tuama

# Do Chlub, Do Chontae: Seamróga Ros Liath



**Bunaithe:** 1888 mar Chéad Chlub Fhear Manach, Ros Liath agus mar Sheamróga Ros Liath sa bhliain 1906

**Dathanna:** Glas agus Bán

**Líon Ball:** 300

**Na rudaí is mó atá bainte amach ag an gCumann ar an bpáirc imeartha:** Craobh Shinsir Fhear Manach (13 uair) – 1955, 1956, 1957, 1958, 1965, 1980, 1982, 1984, 1986, 2010, 2011, 2013, 2014

**Laochra móra an chlub:** Lucht a bhunaithe, Eoinie Clerkin, Peter McGinnity, James Sherry, Joe Pat prunty

Tada gan iarracht. Do chlub, Do chontae, Do Ghaeilge!

Suite in oirdheisceart Chontae Fhear Manach, is club beag tuaithe é Seamróga Ros Liath. Ar nós go leor ceantar beag tuaithe eile, áfach, déanann an club áitiúil freastal ar an bpobal uilig.

Mar chuid den tsraith, ‘Do Chlub, Do Chontae’, labhair mé le Ciarán Mag Uidhir, ball gníomhach den chlub, le gairid. Labhair sé liom faoin ról atá ag an gclub sa phobal. Mar a mhíníonn sé féin;

‘Is as ceantar beag mé féin, Ros Liath, atá suite in oirdheisceart Fhear Manach’, a deir Ciarán. ‘Is ceantar é nach bhfuil an daonra ró-ard ann ach tá spiorad pobail le feiceáil go láidir in sa cheantar.

‘Is é an tábhacht is mó a bhaineann leis an chlub CLG ná na háiseanna agus an dóigh a gcoinníonn na cluichí Gaelacha an pobal le chéile. Tá neart seribhísí imithe ó Ros Liath le blianta beaga anuas ach is iad an club CLG, i mo bharúil, a thugann féiniúlacht Ros Liath do dhaoine sa cheantar.’

Is iomaí peileadóir de chuid an chlub a d’imir le Fear Manach thar na blianta. Labhair Ciarán liom faoi chuid de na mórloachra a bhí ag an gclub ar an bpáirc imeartha agus amuigh ón bpáirc imeartha, dar ndóigh, thar na blianta.

‘Mórloachra an chlub’, a fhiafraíonn sé? ‘Bheul, seachas na daoine a chuir an club ar an bhfód siar in 1888 is laochra amach is amach na daoine sin agus na daoine a bhí ag obair le Ros Liath in sna trochaidí nuair a bhí cuid mhaith imirce ann, ach, in sna caogaidí bhain Ros Liath ceithre chraobh idir 1955 agus 1959.

‘Ag an am sin bhí imreoirí ar nós Joe Pat Prunty agus



Eoinie Clerkin, daoine a d’imir le Fear Manach nuair a bhain siad Craobh Shóisir na hÉireann i 1959.

‘Ar aghaidh go dtí na hochtóidí agus bhí laochra ar nós Peter McGinnity a bhí páirteach i bhfoirne Ros Liath, an chéad fhoireann as Fear Manach a d’imir i gCluiche Ceannais Chraobh Uladh na gClub.

‘Ó 2010 ar aghaidh ba iad na laochra ba mhó a bhí ag Ros Liath ná James Sherry, imreoir le Fear Manach agus fear a raibh clú agus cáil air.’

Tá tábhacht ar leith ag baint le Seamróga Ros Liath do mhuintir uile an pharóiste ó thaobh cúrsaí sláinte agus folláine de, mar a mhíníonn Ciarán.

‘Mar a luaigh mé tugann an club féiniúlacht do na daoine ach is é an club CLG an t-eagrais is láidre in sa phobal. Tá rian an chlub le feiceáil i gcuid mhaith rudaí. Cuir i gcás rudaí sláintiúla agus folláine, bíonn siúlóidí ar bun acu agus feachtais ar nós ‘couch to 5k’ agus rudaí mar sin. Bíonn daoine as an chlub dírithe ar chúrsaí sláinte.’

Maidir le cúrsaí cultúrtha, deir Ciarán go bhfuil



ról lárnach ag an gclub i gcur chun cinn an chultúir Ghaelaigh sa phobal, freisin.

‘Bíonn daoine dírithe ar an chultúr. Tá Scór ag teacht ar ais sa chlub agus tá nasc láidir againn leis an bhrairse áitiúil de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann. Chomh maith leis sin, tá an damhsa seit agus an damhsa céilí sa chlub chomh maith le cúrsaí drámaíochta.’

Ar nós go leor clubanna eile tá clubtheach Sheamrúga Ros Liath suite i gcroílár an phobail agus, dar ndóigh, tá buntáistí ag a leithéid sin don phobal uilig. Bíonn sé in úsáid mar lárionad ag an bpobal.

‘Ar a bharr sin, maidir le cúrsaí infrastrucultúir tá clubtheach an Chumainn, tá sé sin suite cineál i gcroílár an bhaile agus bíonn an clubtheach in úsáid ag daoine go rialta’, a mhíníonn Ciarán.

‘Úsáidtear na háiseanna agus na daoine atá bainteach leis an chlub – ta buíon daoine atá ar an choiste agus atá bainteach leis an chlub. Nuair a bhíonn faire ar siúl nó nuair a bhíonn cuidiú de dhíth ar an phobal, sin an t-am a sheasann daoine an fód agus a sheasann siad suas chun cuidiú a thabhairt don phobal.’

Cé go bhfuil na Seamrúga suite i gceantar beag tuaithe, tá tuairim is 300 ball ag an gclub, éacht ann féin. Ar nós clubanna eile tuaithe, áfach, bíonn go leor de na baill sin lonnaithe i mbailte, i gcathracha agus i dtíortha i bhfad i gcéin.

‘Maidir leis an líon ball, bheifeá ag amharc ar thart fá 300 duine’, a deir Ciarán. ‘Anois, tá daoine atá bainteach leis an chlub nach bhfuil cónaí orthu in Éirinn, nó ‘ex-Pats’ mar a thugtar orthu, cuir i gcás. Bíonn siadsan i gcónaí ag iarraidh an nuacht is deireanaí a fháil amach faoin chlub.’

Tá dul chun cinn mór millteach déanta ag Seamrúga Ros Liath ó thaobh a gcuid áiseanna le deich mbliana anuas, rud a chuireann go mór leis an gclub agus a thugann spreagadh breise do na himreoirí, do na baill agus don phobal trí chéile. Is léir gur cúis bhróid é sin do Chiarán.

‘Le deich mbliana anuas tá feabhas nach beag tagtha ar na háiseanna. Cuireadh tús leis an obair thart fá 2010 agus chuir siad tarmac síos ar an gcasán. Ansin, tógadh ardán agus b’fhéidir dhá bhliain ó shin chuir muid tús leis an dara páirc imeartha.’

‘Anois, timpeall na bpáirceanna tá dhá chasán siúlóide a bhíonn in úsáid go rialta ag an phobal, rud a chuireann áit shábhailte ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh siúl agus rud nach féidir a dhéanamh ar na bóithre.’

Níl an club críochnaithe leis an dul chun cinn sin ar na háiseanna, dar ndóigh, agus sceitimíní ar Chiarán faoi thodhchaí an chlub.

‘Tá forbairtí eile beartaithe don am atá amach romhainn’, a deir Ciarán. ‘Mar sin, domsa féin atá bainteach leis an Choiste tá sceitimíní orm agus tá mé ag súil go mór leis na forbairtí a fheiceáil.’





# Cuardach Focal

## Na Réaltaí Iomána

Aimsigh na laochra iomana seo a leanas a fuair Gradaim All-Star i 2021:

EOIN MURPHY (CILL CHAINNIGH) DARRAGH O'DONOVAN (LUIMNEACH)

SEÁN FINN (LUIMNEACH) GEARÓID HEGARTY (LUIMNEACH)

CONOR PRUNTY (PORT LÁIRGE) CIAN LYNCH (LUIMNEACH)


BARRY NASH (LUIMNEACH) TOM MORRISSEY (LUIMNEACH)

DIARMAID BYRNES (LUIMNEACH) TONY KELLY (AN CLÁR)

DECLAN HANNON (LUIMNEACH) SÉAMUS FLANAGAN (LUIMNEACH)

KYLE HAYES (LUIMNEACH) PETER CASEY (LUIMNEACH)

WILL O'DONOGHUE (LUIMNEACH)



FREAGRAÍ





# CIAN LYNCH

Iománaí na Bliana 2021



# Cuardach Focal Na Réaltaí Peile

Aimsigh na laochra peile seo a leanas a fuair  
Gradaim All-Star i 2021:

|   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |   |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ó | C | I | A | R | Á | N | K | I | L | K | E | N | N | Y | Á | U | P |
| T | F | T | B | Y | G | Í | H | G | R | Ú | Í | O | I | P | L | M | Ó |
| P | C | O | S | A | D | Í | P | E | T | E | R | H | A | R | T | E | R |
| Á | É | M | U | N | I | P | H | O | N | T | Ó | R | L | S | N | C | M |
| D | C | O | N | O | R | M | E | Y | L | E | R | É | L | I | T | Ó | B |
| R | D | S | Á | D | R | F | B | P | S | C | L | S | M | D | N | U | É |
| A | A | U | N | O | H | C | I | G | L | S | F | M | O | G | E | L | R |
| I | V | L | I | N | Í | O | U | I | T | H | L | P | R | I | M | N | Ú |
| G | I | L | A | O | K | I | E | R | A | N | M | C | G | E | A | R | Y |
| H | D | I | L | G | Í | A | F | Ú | T | B | F | D | A | U | É | Ú | Á |
| A | C | V | L | H | B | R | I | A | N | K | E | N | N | E | D | Y | Á |
| M | L | A | S | U | I | Ó | L | Á | Ú | M | H | Á | C | Í | N | U | B |
| P | I | N | L | E | E | K | E | E | G | A | N | G | B | F | Ó | G | E |
| S | F | Ó | U | Á | B | Ú | N | C | T | N | D | É | S | E | R | N | O |
| E | F | M | D | A | R | R | E | N | M | C | C | U | R | R | Y | P | M |
| Y | O | Ú | D | F | L | T | B | G | I | S | H | C | L | R | Í | H | P |
| É | R | D | E | P | A | U | D | I | E | C | L | I | F | F | O | R | D |
| U | D | E | N | R | D | Á | S | C | A | T | P | É | B | Ú | G | C | U |
| M | A | T | T | H | E | W | R | U | A | N | E | F | M | É | H | Ó | D |

NIALL MORGAN (TÍR EOGHAIN)

MATTHEW RUANE (TÍR EOGHAIN)

PÁDRAIG HAMPSEY (TÍR EOGHAIN)

NIALL SLUDDEN (TÍR EOGHAIN)

LEE KEEGAN (MAIGH EO)

PAUDIE CLIFFORD (CIARRAÍ)

TOM O'SULLIVAN (CIARRAÍ)

CIARÁN KILKENNY (ÁTH CLIATH)

CONOR MEYLER (TÍR EOGHAIN)

DARREN MCCURRY (TÍR EOGHAIN)

KIERAN MCGEARY (TÍR EOGHAIN)

DAVID CLIFFORD (CIARRAÍ)

PETER HARTE (TÍR EOGHAIN)

RYAN O'DONOGHUE (MAIGH EO)

BRIAN KENNEDY (TÍR EOGHAIN)



FREAGRAÍ



# **KIERAN McGEARY**

***Peileadóir na Bliana 2021***



# Do Chlub, Do Chontae Caith an Fáinne!



Tá an Fáinne ar fáil ó  
[www.gael-linn.ie](http://www.gael-linn.ie) / [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie)

#GAAgaeilge

Declan Hannon ag ardú Chorn Liam Mhic Cárthaigh don tríú huair



## Luimneach ar leibhéal eile i 2021

Bliain mhór a bhí i 2021 don iomáint agus d'fhoireann Luimnigh ach go háirithe. Bhí foireann John Kiely tar éis dhá chraobh uile-Éireann a bhuachan taobh istigh de thrí bliana agus bhí siad ar thóir a dtríú ceann agus an dara ceann i ndiaidh a chéile. An bhféadfaidís an beart a dhéanamh?

D'fhéadfadh agus b'in é go díreach a rinne siad. Má bhí aon chruthúnas ag teastáil go raibh Luimneach ar aon dul le scothfhoirne a chuaigh rompu thug siad an

cruthúnas sin i mbliana agus, a mhac go deo, bhí siad fial flaithiúil leis an gcruthúnas céanna.

Thosaigh Luimneach amach ar a dturas craoibhe ar 3 Iúil le cluiche deacair in aghaidh Chorcaí i gCluiche Ceannais na Mumhan. Cé go raibh bua ocht gcúilín acu sa deireadh ní bua gan dua a bhí ann. Murach dhá chúl in am cúitimh ó Dharragh O'Donovan agus ó Kyle Hayes cá bhfios cén toradh a bheadh ar an gcluiche. Mar sin féin, bhí tús buacach ag na Luimnigh leis an gCraobh.

Rompu amach i gCluiche Ceannais na Mumhan bhí seaimpíní 2019, Tiobraid Árann. Bhí foireann Liam Sheedy dírithe go mór ar an sprioc mhór agus nuair a chuaigh siad isteach deich gcúilín chun tosaigh ag leath ama is beag duine a cheap go mbeadh an lá le Luimneach. Bhí Jason Forde ach go háirithe iontach do na Tiobraidigh sa chéad leath sin.

Níor luigh Luimneach siar, mar sin féin, agus d'imir siad le díocas agus le díograis sa dara leath. Faoin am ar tháinig an sos uisce bhí siad gaibhte dhá chúilín chun tosaigh le cúl cinniúnach ó Shéamus Flanagan san áireamh. Chríochnaigh Luimneach an cluiche go láidir agus chríochnaigh an cluiche ar scór 2-29 go dtí 3-21 i bhfabhar mhuintir Luimnigh. Ba é Kyle Hayes a fuair an cúl eile sin d'fhoireann John Kiely.

Cluiche Leathcheannais Iomána na hÉireann agus cluiche in aghaidh a gcéilí comhraic i gCluiche Ceannais na hÉireann 2020, Port Láirge, a bhí idir iad agus áit i gCluiche Ceannais na hÉireann 2021.

Thug siad faoin dúshlan go dian dícheallach agus bhí bua 11 cúlín acu ar na Déisigh a bhuíochas do shárthaispeántais ó Chian Lynch, ó Shéamus Flanagan, ó Aaron Gillane agus ó Peter Casey ach go háirithe. Chríochnaigh an cluiche sin ar scór 1-27 go dtí 0-17. A dtríú Cluiche Ceannais uile-Éireann taobh istigh de cheithre bliana a bhí rompu anois in aghaidh fhoireann Chorcaí a bhí faoi stiúir Kieran Kingston. Bhí Luimneach ag imirt mar a bheadh ‘maisín’ ann agus ba iad a bhí mar rogha na coitiantacha leis an gcluiche seo a bhuachan.

Chuaigh Luimneach amach agus thug siad ceann de na taispeántais is fearr a tugadh riamh. Bhí siad ar misean agus ní raibh aon trua acu dá gcéilí comhraic. Bhí an-tús leis an gcluiche, áfach, agus taobh istigh de 6 nóiméad bhí na foirne cothrom ar scór 1-01 go dtí 1-01. Gearóid Hegarty a d’aimsigh an cúl do Luimneach agus Shane Kingston a fuair cúl Chorcaí.

Fuair Luimneach cúl eile go gairid ina dhiaidh sin, áfach, ó chamán Aaron Gillane agus faoin am ar tháinig an sos uisce bhí curaidh 2020 cúig chúilín chun tosaigh. Choinnigh Luimneach orthu agus nuair a fuair Gearóid Hegarty an tríú cúl dá fhoireann díreach roimh leath ama ba léir go mbeadh lá fada ag Corcaigh. Bhí siad chun tosaigh ar scór 3-18 go dtí 1-11 nuair a thainig an fead leath ama.

Bhí foireann John Kiely compordach sa dara leath agus cé go raibh na foirne gob ar ghob ar feadh cuid mhaith de bhí an dochar déanta sa chéad leath. Ní raibh foireann ar bith chun scothfhoireann Luimnigh a chloí an lá sin. Cé go bhfuil go leor ceachtanna deacra

le foghlaim ag Corcaigh ón gcluiche sin, níl aon amhras faoi ach go mbeidh siad ar ais agus go bhfuil todhchaí mhór roimh an bhfoireann óg atá acu. An scór deiridh: Luimneach 3-32 Corcaigh 1-22.

Nuair a d’ardaigh Declan Hannon Corn Liam Mhic Cárthaigh bhí caibidil eile i stair Chumann Lúthchleas Gael scríofa. Díreach mar a rinne Christy Ring roimhe d’ardaigh Hannon an Corn Liam Mhic Cárthaigh don tríú huair – an t-aon bheirt lena leithéid a dhéanamh.

Tá an-fhoireann go deo ag Luimneach agus aithníodh sin nuair a bronnadh Gradam na Réaltaí le gairid. Dáréag ar fad ó fhoireann Luimnigh a fuair gradam mar aitheantas ar a gcuid gaiscí ar an bpáirc imeartha le linn 2021. B’in é an méid ba mhó a bronnadh ar aon fhoireann riamh. Céard is féidir a rá faoin bhfoireann seo nach bhfuil ráite cheana féin agus níl siad críochnaithe fós ná baol air.

Coinnigí súil amach dóibh arís i 2022.




# Crosfhocal

## TRASNA

1. Réiteoir ó Ard Mhacha, 7, 6
5. Comórtas damhsa de chuid Scór, Rince \_\_\_\_\_, 6
8. Curaidh Peile Mhuineacháin 2021, 2, 5
9. Focal eile ar 'peil' i gCiarraí, 4
11. Bainsiteoir Iomána na Gaillimhe, 8
12. Cluiche de chuid CLG, 4
14. Iarbhainisteoir Mhaigh Eo, 8
15. Curaidh Chorn Christy Ring 2021, 4, 6

## SÍOS

2. Contae Fergal Whitley, 3, 6
3. Curaidh Peile Laighean 1988, 2, 3
4. Captaen Luimnigh, 6
6. Club Pádraig Hampsey, 6, 2, 6
7. Contae 'Cheddar' Plunkett, 5
10. Iar-Uachtarán CLG, 5
12. Contae ina n-imríonn Na Gaeil, 7
13. Imríonn sé peil le Corcaigh, \_\_\_\_\_ Ó Corcora, 5



## FREAGRAÍ





**Le Jamie Ó Tuama**

# Ar Bhóthar na Smaointe: Loch Garman ab fhearr i '96

## Loch Garman 1-13 Luimneach 0-14

*Páirc an Chrócaigh, 1 Meán Fómhair, 1996*



Ní dhéanfaidh Carmanaigh ar bith a bhí beo i 1996 dearmad go brách ar ghaiscí fhoireann iomána Liam Griffin nuair a d'éirigh le Martin Storey agus Loch Garman Corn Liam Mhic Cárthaigh a thabhairt thar an tSláine don chéad uair ó 1968 i leith.

Sa bhliain 1995, d'éirigh leis an gClár Corn Liam Mhic Cárthaigh a thabhairt thar an tSionainn don chéad uair ó 1914 i leith agus ar 1 Meán Fómhair, 1996, bhí deis ag na Carmanaigh deireadh a chur lena ngorta féin. Ní raibh idir iad féin agus an t-éacht sin a bhaint amach ach foireann dhíocasach Luimnigh a bhí ag iarraidh an beart a dhéanamh iad féin don chéad uair ó 1973 i leith faoi stiúir Tom Ryan.

Bhí buanna ag Loch Garman ar Chill Chainnigh, ar Áth Cliath, ar Uíbh Fhailí agus ar Ghailimh le Cluiche Ceannais na hÉireann a bhaint amach. Bhí Luimneach tar éis an ceann is fearr a fháil ar Chorcaigh, ar an gClár agus ar Thiobraid Árann tar éis athimeartha i gcúige Mumhan agus bhí bua seacht gcúilín acu ar Aontroim i gCluiche Leathcheannais na hÉireann.

Thosaigh Luimneach go tréan an lá sin agus tar éis 19 nóiméad bhí siad 3 cúilín chun tosaigh. Ba go gairid ina dhiaidh sin a d'éirigh le Tom Dempsey an t-aon chúl a scóraladh sa chluiche a aimsiú leis na foirne a chur cothrom, áfach. Cé go raibh na Carmanaigh chun tosaigh le cúilín amháin ar scór 1-08 go dtí 0-10 ag leatham, bhí imní ar mhuintir an oirdheiscirt nuair a cuireadh Éamonn Scallan den pháirc díreach roimhe sin.

Cé go raibh fear breise ag Luimneach sa dara leath chosain cúlaithe Loch Garman le croí 'is le hanam agus choinnigh siad a gcéilí comhraic go ceithre chúilín sa dara leath. D'éirigh leo a gcuid scóranna a thógáil ar an taobh eile den pháirc freisin rud a d'fhág chun tosaigh iad ar scór 1-13 go dtí 0-14 ag deireadh an chluiche.

Bhí an beart déanta acu agus bhí tús curtha le ceiliúradh nach bhfacthas i Loch Garman le fada fada an lá. Bíonn caint ar Laochra Loch Graman 1996 go fóill. Is iomaí imreoir ón ré sin atá ar bhéalaibh na nGarmanach fós. Martin Storey, Larry O'Gorman, Liam Dunne, Damien Fitzhenry, George O'Connor, Larry Murphy.

Dar ndóigh, is minic a choistear an t-amhrán clúiteach Dancing At The Crossroads, a cumadh go speisialta don chluiche ceannais sin, timpeall oidheiscirt na hÉireann fós...

1996 – bliain na gCarmanach!





**Gluais** / Glossary

**páirc bhaile** – home ground **go deireanach** – the last time  
**Dún Fearth** – Danesfort **curaidh reatha** – current champions

## 10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh!

Ná bígí ag googláil!

1. Cén t-ainm atá ar pháirc baile Shligigh?
2. Cé a bhuaigh Corn Nickey Rackrad sa bhliain 2018?
3. Cé a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann sa bhliain 1987?
4. Cé leis a n-imríonn Neil Flynn peil?
5. Cé a bhí mar chaptaen ar Ghailimh nuair a bhuaigh siad Cluiche Ceannais Peile na hÉireann sa bhliain 1998?
6. Cén bhliain inar bhuaigh Corcaigh Craobh Shinsir Iomána na hÉireann go deireanach?
7. Cén contae ina n-imríonn Dún Fearth?
8. Cé a bhí ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael roimh Liam Ó Néill?
9. Cé leis a n-imríonn Tommy Doyle iomáint?
10. Cé hiad curaidh reatha Chorn Christy Ring?

**FREAGRAÍ**





ULSTER  
GAA

Foras na Gaeilge

Ulster  
University

# Foghlaim sa Chlub

**Le Tricia Ní Chearra,  
Oifigeach Gaeilge CLG  
Chomhairle Uladh**

CLG Uladh agus Foras na Gaeilge ag obair le hOllscoil Uladh ar an tionscadal seo, agus is é an aidhm atá againn ná go gcuirfear acmhainn ar fáil a thacaíonn lenár n-oibrithe deonacha agus le múinteoirí ag teagasc na Gaeilge ag leibhéal an chlub. Tá sé iontach go deo tábhachtach go mbeidh ardchaighdeán teanga ar fáil ag gach club.

Le linn na dianghlasála i lár 2020, bheartaigh CLG Uladh agus Ollscoil Uladh ar an bhranda ‘Gaeilge sa Chlub’ (scoláireachtaí dár mbaill atá ag tabhairt faoin dioplóma sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh) a leathnú agus a fhorbairt. Tháinig ‘Foghlaim sa Chlub’, an plean teagaisc, amach as an chomhrá sin.

Tá modúil istigh sa phlean teagasc. Beidh nótaí ann don mhúinteoir agus don fhoghlaimeoir araon, chomh maith le ceachtanna éisteachta. Chuir foireann Ollscoil / CLG Uladh an chéad mhodúl le chéile dírithe ar ghlantosaítheoirí, ach beidh na modúil eile ag tacú le foghlaimeoirí ag leibhéal éagsúla. Cuirfear modúil breise in airde le linn na bliana.

Bhí an méid seo le rá ag Príomhfheidhmeannach Foras na Gaeilge, Seán Ó Coinn:

Bhí lúcháir ar Foras na Gaeilge dul i bpáirt le CLG Uladh leis an Ghaeilge a chur chun cinn trí na clubanna agus na contaetha i gCúige Uladh siar in 2018. Bhí sé mar sprioc ag an tionscadal comhdhlúthú agus buaná

a dhéanamh ar na struchtúir atá fadbhunaithe do chur chun cinn na Gaeilge in Ulaidh agus bhí sé mar aidhm againn úsáid na Gaeilge a fheabhsú, a fhorbairt agus a chur chun cinn trí dheiseanna sainithe i measc an phobail agus dearcadh dearfach a chur chun cinn. Dhírigh an tionscadal seo ar na spriocghrúpaí atá aitheanta ag Foras na Gaeilge – scoileanna pobail, imeachtaí pobail agus obair óige agus cuireadh le húsáid na Gaeilge sa phobal, agus neartaíodh í trí ionchur traenála, ranganna Gaeilge agus deiseanna úsáidte do labhairt na Gaeilge sna clubanna, agus ag imeachtaí sna contaetha agus sa Chúige.

Tá CLG Uladh le moladh as chur chuige ceannródaíoch seo, agus tá toradh na hoibre anois mar eiseamláir don chuid eile den eagraíocht agus a mhacasamhail d’eagraíochtaí fud fad an oileáin seo. Spreagfaidh an plean teagaisc agus na hacmhainní seo oidí atá mar bhaill de chlubanna tabhairt faoi ranganna Gaeilge agus cuirfidh sé go mór le húsáid na teanga ag leibhéal an phobail. Fágfaidh an plean teagaisc nuálach seo rian fadtéarmach ar an chomhpháirtíocht atá bunaithe idir Foras na Gaeilge agus CLG Uladh agus bheifí ag súil go bhfoghlaimeoidh na Comhairlí Contae agus na cúigí eile ó thorthaí an tionscadail, agus go mbeidh an tionscadal mar eiseamláir don todhcháí.

Tá an plean seo anois beo ar [www.ulstergaa.ie](http://www.ulstergaa.ie) thíos faoi ‘Gaeilge sa Chlub,’ nó is féidir teagmháil a dhéanamh [tricia.nichearra.ulster@gaa.ie](mailto:tricia.nichearra.ulster@gaa.ie).

Le Jamie Ó Tuama

# Boinn de chuid Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le bronnadh ar 37 club

Tugadh dea-scéal do 37 club an tseachtain nuair a fógraíodh go raibh 37 bonn le bronnadh ar chlubanna fud fad na tíre mar aitheantas ar a gcuid oibre ag cur chun na Gaeilge ina gcuid clubanna. 189 club ar fad a ghlac páirt san Fhondúireacht i mbliana.

26 club ar fad a ghnóthaigh an bonn cré-umha, 6 club a ghnóthaigh an bonn airgid agus cúig cinn ar fad a ghnóthaigh an bonn óir – Cumann Caide na Gaeltachta ó Chiarraí, CLG Thuar Mhic Éadaigh ó Mhaigh Eo agus Cumann Peil na mBan, Maigh Cuilinn, CLG na Ceathrún Rua agus CLG Chárna Caiseal ó Chonamara. Bronnfar na boinn ar na clubanna ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh le linn 2022.

Scéim í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha de chuid Chumann Lúthchleas Gael agus Ghlór na nGael a thugann aitheantas do chlubanna a bhíonn gníomhach agus iad ag cur chun cinn na Gaeilge ina gcuid clubanna.

Dúirt Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael, Gráinne McElwain:



‘Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis na clubanna sin ar éirigh leo boinn de chuid Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha a bhaint amach i mbliana. Ba mhaith liom tréaslú ach go háirithe le CLG Thuar Mhic Éadaigh, Cumann Peil na mBan, Maigh Cuilinn, CLG na Ceathrún Rua, CLG Chárna Caiseal agus le Cumann Caide na Gaeltachta, ar éirigh leo an bonn óir a bhaint amach.

‘Aidhm an-tábhachtach de chuid Chumann Lúthchleas Gael é cur chun cinn na Gaeilge agus ábhar mór bróid dúinn go bhfuil an scéim seo i measc na scéimeanna is mó Gaeilge a bhfuil ann.

‘Ba mhaith liom mo mhíle buíochas a ghabháil, freisin, le Glór na nGael, páirtnéirí an Chumainn sa scéim seo. Bíonn foireann dhíograiseach Ghlór ag obair ar an scéim seo go laethúil agus tá forbairt mhór mhillteach déanta acu uirthi ó cuireadh ar bun í roinnt blianta ó shin.’

Dúirt Caitríona Nic Seoin, Bainisteoir Forbartha le Glór na nGael:

‘Cuireann rannpháirteachas gníomhach na gcumann san fhondúireacht seo go mór le feiceálacht agus le húsáid na Gaeilge i gclubanna CLG fud fad na tíre. Is cúis áthais dúinn go bhfuil éileamh láidir ar an scéim i gcónaí agus go bhfuil muid ag feiceáil torthaí na hoibre ar an talamh sna pobail.’

Tá tuilleadh eolais maidir le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar fáil [ANSEO](#)

## **BOINN ÓIR:**

CLG Thuar Mhic Éadaigh, Maigh Eo  
Cumann Peil na mBan Maigh Cuilinn, Gaillimh  
CLG na Ceathrún Rua, Gaillimh  
CLG Chárna Caiseal, Gaillimh  
Cumann Caide na Gaeltachta, Chiarraí

## **BOINN AIRGID:**

Bearna – Na Forbacha (Iománaíocht), Gaillimh  
CLG An Ríocht, An Dún  
CLG Naomh Peadar, Ard Mhacha  
CLG Bhaile Buadáin - Naomh Éanna, Áth Cliath  
CLG Naomh Colmcille, Tír Eoghain  
CLG An Clochán Liath, Dún na nGall


## **BOINN CHRÉ-UMHA:**

CLG Chabán tSíle, Áth Cliath  
CLG Clanna Gael Fontenoy, Áth Cliath  
CLG Fhánaithe Baile Buadáin, Áth Cliath  
CLG Na Cloigthishe, Áth Cliath  
CLG Naomh Barróg, Áth Cliath  
CLG Naomh Pádraig, Áth Cliath  
CLG Shairséalaigh Leamhcáin, Áth Cliath  
CLG Chill Mhichíl, An Clár  
CLG An Ghleanna, An Dún  
CLG Ard Ghlais, An Dún  
CLG Chlann na Banna, An Dún  
CLG Bhaile Mhic an Aba, Ard Mhacha  
CLG Na Piarraigh, Ard Mhacha  
CLG Uí Raithilligh, Ard Mhacha  
CLG Achadh Mórdha, Cill Dara  
CLG Bhaile Éilís, Cill Dara  
CLG Mhainistir Eimhín, Cill Dara  
CLG Nás na Ríogh, Cill Dara  
CLG Na Piarraigh, Doire  
CLG Naomh Trea, Doire  
CLG Bhaile na nGallóglach, Dún na nGall  
CLG Bhealach na Leice, Fear Manach  
CLG Naomh Iósaf Eadarnaigh, Fear Manach  
CLG Mungairit Naomh Póil, Luimneach  
Peil na mBan – Pailís Ghréine, Luimneach  
CLG Ghaeil Mhaigh Eo, Maigh Eo

# Freagraí


P. 25

## Cuardach Focal – Na Réaltaí Iomána




P. 27

## Cuardach Focal – Na Réaltaí Peile



P. 31

## Crosfhocal



P. 33

## 10 X Ceist #GAgaeilge Oraibh

1. Páirc Markievicz
2. Dún na nGall
3. An Mhí
4. Cill Dara
5. Ray Silke
6. 2005
7. Cill Chainnigh
8. Críostóir Ó Cuaigh
9. An Iarmhí
10. Uíbh Fhailí



# MÍLE BUÍOCHAS

Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna a chur chuig [jamie.otuama@gaa.ie](mailto:jamie.otuama@gaa.ie).

Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus á chur i in eagar ag Jamie Ó Tuama.

Deartha ag DBA Publications,  
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.



**TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN**



**TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN**